Rannán na Scoileanna – Airgeadas
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Schools Division - Financial
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Imlitir 0030/2015

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta

Leithdháileadh ar scoileanna i leith leabhar

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna Údaráis Bhainistíochta na mbunscoileanna a chur ar an eolas i dtaobh na socruithe maidir le híocaíocht maoinithe atá lena leithdháileadh ar scoileanna chun cabhair a sholáthar i leith leabhar.

Leithdháileadh ar scoileanna i leith leabhar
Is mar seo a leanas an maoiniú per capita a sholáthrófar
Ráta per capita * €11 (€21 Scoileanna DEIS)

* Íoctar deontas íosta do bhunscoileanna beaga bunaithe ar rollú de 60 dalta

Maoiniú breise per capita do scoileanna a bhí ag feidhmiú Scéimeanna Leabhar ar Cíos/ ar Iasacht roimh 2014

Leithdháileadh maoine in 2015	€7 (€8 Scoileanna DEIS)
Leithdháileadh maoine in 2016	€11 (€12 Scoileanna DEIS)

Tabhair faoi deara le do thoil go n-eiseofar an maoiniú breise atá curtha ar fáil faoin scéim seo ar leithligh ón deontas bliantúil leabhar agus nach foláir é a úsáid chun críche scéim téacsleabhar ar cíos/ar iasacht a mhaoiniú agus dó sin amháin.

Spreagann an Roinn údaráis bhainistíochta scoile chun meon níos costas-chomhfhiosaí agus luach ar airgead a ghlacadh chucu féin agus iad ag cinneadh na dtéacsleabhar atá lena n-úsáid in a gcuid scoileanna. Tá Treoirlínte chun Scéimeanna do Théacsleabhair ar Cíos a Fhorbairt i Scoileanna le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Scéim-do-Théacsleabhair-ar-Cíos-i-Scoileanna/

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
Rannán na Scoileanna

Bealtaine 2015